



BEARTAS UM EASTÁIT A GHLACADH FAOI CHÚRAM

Tugtar breac-chuntas mar a leanas ar bheartas na Comhairle um eastáit a ghlacadh faoi chúram.

- A. Is faoi agus de réir alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), (“alt 180”) a dhéanfar agus a phróiseálfar gach iarratas. Maidir leis na hiarratais uile atá ar láimh cheana féin, caithfear leo agus tabharfar chun críche iad amhail is dá mb’iarratais iad faoi alt 180.
- B. Ciallaíonn “eastáit” na heastáit sin a bhfuil cur síos orthu in alt 180(1) mar fhorbairtí a deonaíodh faoi alt 34 d’Acht 2000 nó faoi Chuid IV den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963, le haghaidh dhá theach nó níos mó agus seirbhísí gaolmhara a fhoirgniú.
- C. Féadfar iarratais ar ghlacadh faoi chúram faoi alt 180 a dhéanamh ó fhorbairtí i 3 chatagóir mar seo a leanas (ag teacht leis na fo-ailt chéanna d’alt 180)–
 - (1) Déantar iarratas anseo i gcás go bhfuil an fhorbairt críochnaithe chun sástacht na Comhairle de réir an cheada pleanála lena mbaineann agus de réir aon choinníollacha a raibh an cead faoina réir. Féadfaidh an forbróir nó tromlach úinéirí na dtithe an t-iarratas a dhéanamh (faoi réir fo-alt (3) a chomhlíonadh).
 - (2) Déantar iarratas anseo i gcás nach bhfuil an fhorbairt déanta chun sástacht na Comhairle agus nach bhfuil imeachtaí forfheidhmiúcháin tosaithe go fóill laistigh den tréimhse teorann reachtúil. Ní fhéadfaidh ach tromlach na n-úinéirí tí iarratas den sórt sin a dhéanamh agus tá cosc ar an Chomhairle impleachtaí airgeadais an ghlactha faoi chúram a bheartaítear a chur san áireamh.
 - (3) Tá feidhm aige seo i gcás nach bhfuil an fhorbairt críochnaithe chun sástacht na Comhairle agus i gcás nach bhfuil imeachtaí forfheidhmiúcháin tosaithe laistigh den tréimhse chuí nó go measann an Chomhairle nach mbeidh críochnú sásúil na forbartha mar thoradh ar na himeachtaí sin. Féadfaidh an Chomhairle, faoina lánrogha iomlán, na seirbhísí a ghlacadh faoina cúram tar éis dheireadh an cheada. Ní mór an iarraidh a dhéantar faoin fhoráil seo a bheith déanta ag tromlach na n-úinéirí.



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

- D. I gcás iarratais i gcatagóirí 1 agus 2, ní chuirfidh na himpleachtaí airgeadais don Chomhairle cosc ar ghlacadh faoi chúram den sórt sin.
- E. Breithneofar iarratais ar fhorbairtí i gcatagóir 3 ar bhonn cáis agus measfar iad a bheith oiriúnach do ghlacadh faoi chúram más rud é go bhféadfaí iad a fheabhsú chun na gcaighdeán i gcomhréir le coinníollacha an Cheada Pleanála/na gCeadanna Pleanála lena mbaineann, faoin tionscnamh um eastát tithíochta neamhchríochnaithe (tionscnamh PSI) nó ar shlí eile, ach úsáid a bhaint as bannaí urrúis agus ranníocaíochtaí ó fhorbróirí/chónaitheoirí. Chuige sin, aistrefar iad ó chatagóir 3 go catagóir 1.
- F. Maidir le hiarratais ar fhorbairtí a bhfuil gléasra meicniúil/leictreach ar áireamh sna seirbhísí uisce nó dramhuisce acu, breithneofar iad ar an bhealach céanna a bhreithnítear iarratais ar fhorbairtí nach bhfuil gléasra den sórt sin ar áireamh acu. Tá an beartas seo á thabhairt isteach le haghaidh na nÚdarás Áitiúil uile i gContae Dhún na nGall. I gcás forbairtí i gceantair Chomhairle Baile, ní mór iarratais ar ghlacadh faoi chúram a dhéanamh chuig an Chomhairle Baile lena mbaineann. Ós rud é gurb é an Chomhairle seo an tÚdarás Seirbhísí Uisce don Chontae ar fad, is amhlaidh, i gcás ar bith go ndéanann an Chomhairle Baile Ordú um ghlacadh faoi chúram agus go ndéanann an Chomhairle Baile iarratas chuig an Chomhairle seo de réir alt 180(4)(c), go nglacfaidh an Chomhairle na seirbhísí uisce/dramhuisce faoina cúram ar an bhealach céanna amhail is dá ndéanfadh an Chomhairle seo an tOrdú le haghaidh forbairt ina ceantar féin.